Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2026**
**(OR. en, fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0423 (COD)**

**7430/26**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 474**
**CLIMA 148**
**ENV 251**
**TRANS 162**
**MI 262**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta i gcás feithiclí tromshaothair le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr an Fhrainc go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tá an Fhrainc sásta tacú leis an leasú atá beartaithe ar an rialachán maidir le astaíochtaí CO2 arb iad na feithiclí tromshaothair a ghineann iad.

Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Fhrainc gur oth léi nach ndearnadh foráil do mheasúnú tionchair sa leasú atá beartaithe a chuir an Coimisiún Eorpach i láthair, cé go n-athraíonn an leasú atá beartaithe feidhmiú an tsásra creidmheasa dá bhforáiltear sa rialachán go suntasach. Tá an Fhrainc den tuairim, i bhfianaise na hoibre teicniúla, go mbeadh gá le plé críochnúil chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí solúbthacht a thabhairt isteach.

Leagann an Fhrainc béim ar a mhéid a d’fhéadfadh an moladh seo an bonn a bhaint d’uaillmhian chomhshaoil na mbeart agus ar a mhéid a d’fhéadfadh sé an comhartha margaidh i bhfabhar leictriú na bhfeithicil tromshaothair a lagú. Tá sé bunriachtanach, áfach, go gcoinneofaí dreasachtaí láidre rialála chun feithiclí tromshaothair a leictriú agus a dhícharbónú ar bun. Rinne táirgeoirí infheistíocht mhór i ndáil leis seo agus tá siad ag cur roghanna leictreacha ar fáil, mar aon le hinnill dóiteáin inmheánaigh astaíochtaí ísle, ar na samhlacha innill dóiteáin. Tugaimid dár n-aire gur éirigh le formhór na dtairgeoirí spriocanna an rialacháin a bhaint amach in 2025 a bhuí leis an infheistíocht sin. Tá an Fhrainc den tuairim, dá bhrí sin, gur tosaíocht í an obair ar na coinníollacha bunriachtanacha cumasúcháin maidir le spriocanna dícharbónaithe meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaint amach agus gur cheart di a bheith i gcroílár athbhreithniú 2027.

**D’iarr Málta go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is mian le Málta béim a leagan ar na srianta struchtúracha a bhaineann lena mhargadh feithiclí tromshaothair. Toisc gur margadh an-bheag é, a bhíonn ag brath go hiomlán ar allmhairí agus ag oibriú go heisiach le feithiclí tiomána deisil, níl ach acmhainneacht theoranta ag Málta tionchar a imirt ar shlabhraí soláthair nó tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.

Sa chomhthéacs sin, cé go dtuigeann Málta gur gá solúbthacht spriocdhírithe a thabhairt isteach do mhonaróirí, molann sé go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar infhaighteacht feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha i ngach Ballstát agus athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé féachaint ar bhearta tacaíochta comhlántacha atá dírithe ar an éileamh, chun glacadh na bhfeithiclí a éascú i gcás ina bhfuil barainneachtaí scála teoranta fós. Chuideodh na bearta sin lena áirithiú go ndáilfí tairbhí an aistrithe go cothrom ar na Ballstáit ar fad agus nach bhfágfaí aon Bhallstát ar lár.

Tá Málta lántiomanta i gcónaí cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach agus tá sé faoi réir leanúint de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach leis an gCoimisiún agus le comhpháirtithe eile chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha uaillmhianach agus cuimsitheach.

**D'iarr an tSlóvaic agus an tSeicia go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Seice le glacadh an athbhreithnithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2019/1242 agus molann sí go nglacfaí go pras é gan a thuilleadh leasuithe a dhéanamh air.

Ag an am céanna, leagaimid béim, i gcás inarb iomchuí, ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh, níos luaithe ná an sprioc atá beartaithe (2027), ar na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair.